Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 24

# Dlí agus Ceart

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Dlí agus Cirt, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead teoranta a riarann an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €20.08 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

***Aistriú feidhmeanna***

Rinneadh an fhreagracht i leith feidhmeanna áirithe maidir le míchumas, comhionannas, comhtháthú agus seirbhísí cóiríochta cosanta idirnáisiúnta a aistriú chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Rinneadh é sin faoin Ordú um Míchumas, Comhionannas, Cearta an Duine, Lánpháirtíochta agus Glacacht (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 436 de 2020), le héifeacht ón 14 Deireadh Fómhair 2020.

Aistríodh an fhreagracht as feidhmeanna áirithe eile maidir le ceartas i leith an aosa óig ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chuig an Roinn Dlí agus Cirt. Rinneadh é sin faoin Ordú um Cheartas i leith an Aosa Óig (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 435 de 2020), le héifeacht ón 14 Deireadh Fómhair 2020.

D'athraigh ainm na Roinne ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go dtí an Roinn Dlí agus Cirt faoi I.R. Uimh. 452 de 2020, le héifeacht ón 1 Samhain 2020.

Rith an Dáil meastachán athbhreithnithe lenar léiríodh na hathruithe a bhain leis an aistriú feidhmeanna an 18 Samhain 2020.

***Athruithe struchtúrtha eile***

Níl figiúirí meastacháin agus toraidh na bliana 2020 inchomparáide go díreach le coibhéisí na bliana 2019 i roinnt de na fo-mhírchinn. Is mar thoradh ar Chlár Bunathraithe na Roinne a tháinig é sin chun cinn faoina ndéantar athstruchtúrú ar roinnt réimsí caiteachais mar phríomhfheidhmeanna roinne e.g. iar-Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ).

Is Vóta ar leithligh é an Coimisiún um Chosaint Sonraí, a bhí ina fho-mhírcheann faoin Vóta Dlí agus Cirt roimhe seo, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Cuntasaíocht grúpa maidir le sócmhainní seasta***

Léirítear i Nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa luachanna sócmhainní seasta agus muirir ghaolmhara dhímheasa i ndáil le sócmhainní atá faoi úinéireacht na Roinne agus roinnt de na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a ndéantar a dtaifid chuntasaíochta a choinneáil trí úsáid a bhaint ionad seirbhísí comhroinnte airgeadais na Roinne.

***Cuntasaíocht grúpa maidir le banc agus airgead tirim***

Léirítear i Nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa luachanna bainc agus airgid thirim a bhí i seilbh comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leithligh.

***Luacháil ar shócmhainní caipitil***

Mar a dhéantar soláthar ina leith i gciorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Roinn Dlí agus Cirt chun a cuid sócmhainní caipitil a chaipitliú.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta ón gcéad mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i bhfeidhm. Déantar foirgnimh a dhímheas ag ráta 2% sa bhliain de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% sa bhliain de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh ar bun agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Tá litir dearbhaithe maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm curtha ar fáil agam do na hOifigigh Chuntasaíochta a fhaigheann seirbhísí comhroinnte airgeadais ó ionad seirbhísí comhroinnte airgeadais (SCA) na Roinne i gCill Airne.

*Timpeallacht rialaithe airgeadais*

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéanfar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó,
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

*Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta*

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, ach go háirithe:

- gurb ann do chóras buiséadaithe cuí agus do bhuiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- go mbíonn athbhreithniú rialta á dhéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm.

*Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta*

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bheadh i gceist don Roinn obair an choiste. Déanann an Coiste Iniúchóireachta na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh agus cuireann sí an anailís san áireamh. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir a mhéid agus is féidir laistigh dá rialú. Baineann sí leas as bunachar sonraí lárnach chun cros-seiceáil a dhéanamh de láimh ar thuarascálacha caiteachais a tharraingítear as an gCóras Bainistíochta Airgeadais chun a chinntiú go mbíonn caiteachas ag teacht le modhanna cuí soláthair. Tá formhór mór na dtairiscintí á reáchtáil anois ag an Oifig um Sholáthar Rialtais nó i gcomhar leis an Oifig.

Tá an Roinn comhlíontach seachas i gcás naoi gconradh déag dar luach os cionn €25,000 (gan CBL a áireamh) agus a ndeachthas ina mbun gan próiseas iomaíoch a bheith i gceist, agus iad dar luach iomlán €4,685,469 mar a leagtar amach thíos. Meastar na conarthaí seo a bheith neamhchomhlíontach de bharr gur cuireadh síneadh leo thar dháta bunaidh an chonartha gan próiseas ná tionscadal iomaíoch nua a reáchtáil, agus is mar seo a leanas na sonraí a bhaineann leis na conarthaí sin.

- Tá trí chonradh a bhfuil luach €429,943 i gceist leo dáfa anois.

- Táthar i mbun an phróisis tairisceana i gcás trí chonradh déag dar luach €3,789,017 nó táthar ag déanamh na socruithe riachtanacha chun dul chuig an margadh a luaithe is féidir ina leith.
- Cuireadh síneadh le trí chonradh dar luach €466,509 le go mbeifí ábalta aistriú chuig córais nua.

Tá sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir. Tá Coiste Riosca i bhfeidhm chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca ar fud na Roinne.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir tábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibhsean atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don leibhéal bainistíochta cuí, nuair is ábhartha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

Ó thosaigh an phaindéim, leagadh béim mhór ag an uile leibhéal den bhainistíocht ar fud na Roinne ar mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag paindéim Covid 19. Ba trí Ghrúpa Bainistíochta Freagartha Covid-19 a bhunú agus trí obair an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a rinneadh riosca a mheasúnú. Áirítear ar na rioscaí nua an tionchar ar leanúnachas gnó, cianobair chomh maith le rialuithe breise maidir le hoibreáin bhitheolaíocha.

Bhí tionchair i gceist i dtaobh na reachtaíochta de, lena n-áirítear i ndáil le bearta faoi stiúir na Roinne Sláinte. Mar shampla, bhí éileamh mór ann ar acmhainní do na réimsí Beartais Choiriúil agus Reachtaíochta Coiriúla mar gheall ar na hathruithe reachtacha a rinneadh ar chumhachtaí na nGardaí. Bhí impleachtaí ag na hathruithe a rinneadh maidir le taisteal idirnáisiúnta agus bearta a cheanglaítear ar dhaoine ag teacht chun an Stáit dóibh ar oibríochtaí an Aonaid um Bainistiú Teorann in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, cuireadh síneadh sealadach le ceadanna inimirce ón Roinn seo mar gheall ar an bpaindéim.

Cé gur leanadh leis na príomhrialuithe íocaíochta ar feadh na paindéime, ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis áirithe chun sonraisc a cheadú ó chian agus foirmeacha íocaíochta a cheadú trí ríomhphost, nuair ba ghá. Cuireadh rochtain shlán chianda ar fáil ar chórais a bhí ann cheana chun go mbeadh baill foirne a bhí ag obair go cianda ábalta rochtain a fháil ar a bpolasaithe, nósanna imeachta agus lámhleabhair oibre mhionsonraithe reatha. Tá an tAonad Airgeadais agus Soláthair agus an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí i mbun monatóireacht ar éifeachtacht na n-athruithe a rinneadh ar na próisis a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19.

Bhí gá ann láithreacht foirne a choinneáil i roinnt oifigí de chuid na Roinne le linn na paindéime agus d'oibrigh an bhainistíocht shinsearach agus bainistíocht na n-oifigí aonair go fíordhlúth leis an Aonad Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde chun go mbeadh na bearta cuí i bhfeidhm d'fhonn sábháilteacht foirne a chosaint an t-am ar fad agus chun go mbeadh na bearta sin de réir na dtreoirlínte sláinte poiblí. Dar ndóigh, mar thoradh ar na srianta a bhí i gceist ar an líon foirne a raibh cead acu a bheith san oifig ag aon am faoi leith, bhí moill ann ar chásanna a phróiseáil, go háirithe i réimsí oibríochta ina mbíonn éileamh mór i gceist, amhail soláthar seirbhísí inimirce. Cé go bhfuiltear ag leanúint den obair go cianda, is gá gnéithe den obair ar chásanna a dhéanamh in oifigí, go háirithe nuair a bhíonn próisis pháipéarbhunaithe i gceist. Táthar ag leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis agus tiocfaidh feabhas ar chúrsaí de réir mar a dhéantar tuilleadh uathoibrithe, nuair is féidir é sin a dhéanamh, ach glacfaidh sé roinnt ama sula mbeidh réimsí áirithe ábalta filleadh ar na leibhéil táirgiúlachta mar a bhí roimh phaindéim Covid-19 i bhfianaise na srianta atá ar an líon foirne atá ábalta freastal ar na hoifigí.

Rinne an Roinn roinnt suirbhéanna, seimineár agus treoracha ar dhea-chleachtas a eagrú i rith na paindéime. Cuirtear nuashonruithe rialta ar fáil agus coinnítear i dteagmháil le baill foirne trí ghlaonna zoom agus trí chineálacha eile cumarsáide.

Áirítear iad seo a leanas ar chuid de na bearta sonracha atá déanta ag leibhéal na Roinne

- treoir maidir le bheith ag obair ón mbaile go héifeachtach eisithe chuig an bhfoireann ar fad
- forbairt déanta ar threoirlínte cianoibre do bhainisteoirí agus eisithe chuig an uile bhainisteoir
- forbairt déanta ar stór acmhainní Covid-19 ar leith ar thairseach na Roinne
- tionscnamh folláine AD curtha i bhfeidhm.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Ag eascairt ó mholtaí a rinneadh i dtuarascálacha iniúchóireachta le déanaí, tá an Roinn i mbun rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a athbhreithniú agus a neartú ar bhonn leanúnach i bpróisis i réimsí amhail bainistíocht tionscadal TFC, riar deontas, athshlánú ó thubaiste agus leanúnachas gnó.

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

30 Márta 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 24 Dlí agus Ceart

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 24 Dlí agus Ceart don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Dlí agus Ceart agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

#### *Fíneáil AE a íoc*

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl i nóta 6.7 gur íoc an Roinn fíneáil €2 mhilliún leis an gCoimisiún Eorpach in 2020 de bharr thrasuí moillithe Threoir (AE) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun airgead a sciúradh agus sceimhlitheoireacht a mhaoiniú. Leagtar amach sa nóta na cúiseanna leis an moill.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Lúnasa 2021

## Vóta 24 Dlí agus Ceart

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mbeartas dlí agus cirt agus comhionannais agus ar chur i bhfeidhm an bheartais sin (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais agus colún an cheartais choiriúil) | 52,960 | 48,131 | 56,529 |
| B | Éire atá slán sábháilte (colún an cheartais choiriúil) | 233,316 | 207,476 | 180,448 |
| C | Rochtain ar cheartas do chách (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais agus colún an cheartais choiriúil) | 52,149 | 53,963 | 55,977 |
| D | Sochaí atá cothrom agus uilechuimsitheach (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais) | 7,763 | 6,844 | 24,509 |
| E | Córas tearmainn, inimirce agus saoránachta atá éifeachtúil, sofhreagrach agus cóir (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais) | 71,867 | 82,792 | 222,620 |
| **Ollchaiteachas** | | **418,055** | **399,206** | **540,083** |
| | *Lúide* | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **67,061** | **72,192** | **91,105** |
| **Glanchaiteachas** | | **350,994** | **327,014** | **448,978** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar iomlán nó cuid d'aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €3,900,000 de leithreasaí neamhchaite i ndáil le gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann B.18 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann ar aghaidh go 2021.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 23,979,793 | 8,977,803 |
| Géilleadh iarchurtha | (3,900,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **20,079,793** | **8,977,803** |

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

30 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 277,527 | 479,591 |
| Pá | | 73,460 | 30,551 |
| Neamhphá | | 48,219 | 29,941 |
| **Ollchaiteachas** | | **399,206** | **540,083** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **72,192** | **91,105** |
| **Glanchaiteachas** | | **327,014** | **448,978** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (21,737) | | |
| Dímheas | 4,161 | | |
| Diúscairtí - airgead tirim | 1 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | (17,574) | (3,182) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 11,843 | | |
| Laghdú ar stoc | 5 | 11,848 | (11,424) |
| **Caiteachas díreach** | | **321,288** | **434,372** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 48,962 | 45,648 |
| Measchíosanna | | 4,860 | 4,860 |
| **Glanchostas an chláir** | | **375,110** | **484,880** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glancaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 24 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 334 | 307 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 39,546 | 37,189 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 12,810 | 11,849 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 248 | 221 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 209 | 204 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 83 | — |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 193 | 191 |
| Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | (4,461) | (4,313) |
| | | **48,962** | **45,648** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 42,501 | 25,630 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 17,763 | 32,119 |
| Stoic | 2.3 | 1,074 | 1,079 |
| Réamhíocaíochtaí | | 5,718 | 12,282 |
| Ioncam fabhraithe | | 3,608 | 8,276 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 3,958 | 1,489 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **32,121** | **55,245** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 8,098 | 7,456 |
| Ioncam iarchurtha | | 57 | 88 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 15,899 | 32,630 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.6 | 5,822 | 978 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **29,876** | **41,152** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 2,245 | 14,093 |
| **Glansócmhainní** | | **44,746** | **39,723** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **44,746** | **39,723** |

## 2.1 Sócmhainní Caipitil [a]

| | Foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 6,901 | 1,889 | 100,277 | 2,803 | 10,223 | 122,093 |
| Breiseanna | — | 204 | 3,053 | 24 | 18,456 | 21,737 |
| Tugtha in úsáid | — | — | 5,517 | — | (5,517) | — |
| Aistriú amach [b] | — | — | (250) | (128) | (518) | (896) |
| Diúscairtí | — | — | (526) | (2) | — | (528) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 6,901 | 2,093 | 108,071 | 2,697 | 22,644 | 142,406 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 1,584 | 1,144 | 91,309 | 2,426 | — | 96,463 |
| Dímheas don bhliain | 138 | 269 | 3,681 | 73 | — | 4,161 |
| Dímheas ar aistriú amach [b] | — | — | (106) | (87) | — | (193) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (524) | (2) | — | (526) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 1,722 | 1,413 | 94,360 | 2,410 | — | 99,905 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **5,179** | **680** | **13,711** | **287** | **22,644** | **42,501** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 5,317 | 745 | 8,968 | 377 | 10,223 | 25,630 |

Nóta [a] Léirítear sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil sócmhainní don Roinn ar fad, lena n-áirítear roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leithligh freisin.

[b] Aistríodh ón Roinn sócmhainní seasta a raibh costas bunaidh €896,000 ag baint leo; €707,000 chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí; €188,000 chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; agus an €1,000 eile chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 9,516 | 21,799 |
| Iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála | 8,247 | 10,320 |
| | **17,763** | **32,119** |

Áirítear ar iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála iarmhéideanna dar luach €1.78 milliún a bhaineann le roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leithligh freisin.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 132 | 124 |
| Tomhaltáin fhóiréinseacha | 486 | 421 |
| Tomhaltáin TF | 48 | 81 |
| Ceadanna cónaithe/doiciméid taistil | 244 | 410 |
| Ilghnéitheach | 128 | 18 |
| Trealamh/éadach | 36 | 25 |
| | **1,074** | **1,079** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | 2,342 | 19 |
| Óinchistí taistil | 55 | 56 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe maidir leis an scéim pas taistil | 250 | 787 |
| Glacadóireacht an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla | 20 | 20 |
| Cuntas fionraí párolla (Paypath) | 970 | 469 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 321 | 138 |
| | **3,958** | **1,489** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 2,088 | 2,038 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 1,237 | 1,181 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 1,712 | 2,045 |
| Cáin bhreisluacha | 497 | 387 |
| Iarmhéideanna i gcuntais roinne | 8,247 | 10,320 |
| | 13,781 | 15,971 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 687 | 679 |
| Réamhíocaíocht CSE i ndáil le maoiniú tionscadal um chuimsiú sóisialta 2014–2020 | 1,374 | 2,979 |
| Réamhíocaíochtaí an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014–2020 | — | 12,466 |
| Athlonnú éigeandála agus tionscadail REACH | — | 53 |
| Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste | 26 | 25 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 31 | 457 |
| | **15,899** | **32,630** |

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 20,080 | 8,978 |
| Géilleadh iarchurtha | 3,900 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (18,158) | (8,000) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **5,822** | **978** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 17,763 | 32,119 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 3,958 | 1,489 |
| | 21,721 | 33,608 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (13,781) | (15,971) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (2,118) | (16,659) |
| | (15,899) | (32,630) |
| | | |
| | **5,822** | **978** |

## 2.7 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 39,723 | 25,117 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 350,994 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (3,900) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (20,080) | | |
| Glanvóta | | | 327,014 | 448,978 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 48,962 | 45,648 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíosanna | 1 | | 4,860 | 4,860 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (375,110) | (484,880) |
| Aistriú sócmhainní caipitil | 2.1 | | (703) | — |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **44,746** | **39,723** |

## 2.8 Ceangaltais

**a) Ceangaltais Dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 13,779 | 71,974 |
| Tionscadail chaipitil | 81,772 | 2,802 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **95,551** | **74,776** |

**b) Tionscadail chaipitil ollmhóra**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadal sna blianta ina dhiaidh | Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré na dtionscadal 2020 | Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré na dtionscadal 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | **3,060** | **16,081** | **80,377** | **99,518** | **—** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe ann nach raibh glanta ag deireadh na bliana 2020 ná sa bhliain roimhe sin.

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Féach Nóta 6.1 maidir le coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 64,694 | 69,221 | 26,518 |
| ii | Taisteal agus cothú | 985 | 535 | 343 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 9,736 | 18,699 | 6,823 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 2,096 | 2,734 | 2,391 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 12,766 | 13,948 | 9,534 |
| vi | Costais áitribh oifige | 3,055 | 4,050 | 2,307 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 68 | 89 | 135 |
| viii | Taighde | 1,286 | 741 | 279 |
| ix | Seirbhísí comhroinnte airgeadais [a] | 6,645 | 6,135 | 5,998 |
| x | Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta | 8,000 | 5,527 | 6,164 |
| | | **109,331** | **121,679** | **60,492** |

Nóta [a] Áirítear costais phá an ionaid seirbhísí comhroinnte airgeadais dar luach €4,239,131 (2019: €4,032,874) i gcostais na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais. Muirearaítear an costas sin chuig clár A - Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mbeartas dlí agus cirt agus comhionannais agus ar chur i bhfeidhm an bheartais sin (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais agus colún an cheartais choiriúil), fo-mhírcheann A.1 Riarachán – pá.

### Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €985,000; toradh €535,000*

Is mar thoradh ar chiorruithe ar thaisteal agus ar chothú na Roinne de bharr thionchar shrianta Covid-19 go príomha a tháinig an gannchaitheamh €450,000 chun cinn.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €9.736 milliún; toradh €18.699 milliún*

Tá an barrachas €8.963 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh €9.736 milliún comhdhéanta go príomha de chostais agus socruithe dlí (€6.5 milliún) agus déantar costais agus táillí riaracháin eile (€2.84 milliún) a fhritháireamh trí ghannchaitheamh i réimsí eile amhail oiliúint agus forbairt foirne (€510,000). Baineann cuid shuntasach de na costais dlí leis an réimse soláthair seirbhísí inimirce agus áirítear fíneáil €2 mhilliún ar na costais sin atá iníoctha leis an gCoimisiún Eorpach mar gheall ar an moill ar Threoir AE a thrasuí (féach nóta 6.7).

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €2.096 milliún; toradh €2.734 milliún*

Baineann an barrachas caiteachais €638,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin €2.096 milliún go príomha le costais phostais a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a bhain le cártaí ceada cónaitheoirí a eisiúint agus le pasanna a sheoladh ar ais chuig iarratasóirí mar chuid den phróiseas clárúcháin inimirce.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €3.055 milliún; toradh €4.05 milliún*

Baineann an barrachas €995,000 go príomha leis na costais ar chóiríocht a fháil ar cíos/a léasú a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, lena n-áirítear cóiríocht shealadach d'Oifig an Chigire Príosún, d'Aonad na hÉireann um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí agus do Choimisiún Hickson. Chuir riachtanais mhéadaithe ghlantacháin oifigí a tháinig chun cinn de bharr Covid-19 leis an mbarrachas san fho-mhírcheann freisin.

**viii Taighde**

*Soláthar meastacháin €1.286 milliún; toradh €741,000*

Baineann an choigilt €545,000 go príomha le tionscadail taighde a cuireadh ar athlá nó ar cuireadh moill orthu mar gheall ar thionchar Covid-19. Cuireadh ach go háirithe aon obair thaighde ar theastaigh teagmháil duine ar dhuine ina leith ar athlá - suirbhéanna, grúpaí fócais agus agallaimh, mar shampla. Tá cineálacha malartacha cur chuige, nuair is féidir, aitheanta don bhliain 2021.

**x Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta**

*Soláthar meastacháin €8 milliún; toradh €5.527 milliún*

Ba mar thoradh ar an gcaiteachas a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis i ndáil le gné Ceartais an chláir fad a bhí straitéis TFC na Roinne á tabhairt chun críche a tháinig an choigilt €2.473 chun cinn. Tá sí sin tugtha chun críche anois agus cuirfear i bhfeidhm í sna trí bliana amach romhainn.

## Clár A Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mbeartas dlí agus cirt agus comhionannais agus ar chur i bhfeidhm an bheartais sin (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais agus colún an cheartais choiriúil)

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 11,411 | 12,268 | 10,103 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 14,636 | 11,922 | 13,120 |
| A.3 | Cigireacht na bPríosún | 1,200 | 638 | 646 |
| A.4 | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 11,181 | 11,124 | 10,660 |
| A.5 | Oifig Chigireacht na nGardaí | 1,306 | 1,079 | 1,119 |
| | *An Coimisiún um Chosaint Sonraí* [a] | — | — | *10,448* |
| A.7 | Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | 702 | 505 | 503 |
| A.8 | Údarás Láir | 135 | 62 | 72 |
| A.9 | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí | 1,001 | 1,000 | 1,000 |
| A10 | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine | 2,276 | 2,438 | 2,591 |
| A11 | Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 7,510 | 6,730 | 6,239 |
| A12 | An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha | 251 | — | — |
| A13 | An Chomhairle Bhreithiúnach | 1,251 | 365 | 28 |
| A14 | An tÚdarás Rialála Cearrbhachais | 100 | — | — |
| | | **52,960** | **48,131** | **56,529** |

Nóta a Is Vóta ar leith an Coimisiún um Chosaint Sonraí le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €4.829 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (i dtús báire), lena n-áirítear gannchaitheamh €1.857 milliún maidir le caiteachas riaracháin. Go príomha, is mar gheall ar na nithe seo a bhí an difríocht i gcaiteachas.

**A.3 Cigireacht na bPríosún**

*Soláthar meastacháin €1.2 milliún; toradh €638,000*

Is mar thoradh go príomha ar an moill a bhí ann ar fhoireann bhreise a earcú a bhí an choigilt €562,000. Mar shampla, rinneadh soláthar do chigire sinsearach a cheapadh i dtús na bliana 2020, ach níor tugadh an próiseas chun críche go dtí mí na Nollag. Líonfar sa bhliain 2021 anois roinnt post eile a raibh súil iad a líonadh sa bhliain 2020.

**A.5 Oifig Chigireacht na nGardaí**

*Soláthar meastacháin €1.306 milliún; toradh €1.079 milliún*

Mar gur cuireadh siar oibreacha cothabhála a tharla an choigilt €227,000 go príomha. Chomh maith leis sin, bhí laghdú ar chostais reatha oifige agus costais riaracháin ghinearálta i gceist mar gur aistríodh chuig cianobair d'fhonn cloí le ceanglais sláinte poiblí don chuid is mó den bhliain 2020.

**A.7 Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €702,000; toradh €505,000*

Baineann an choigilt €197,000 go díreach le líon níos ísle gnó a bhain go príomha le DVDanna a chur ar aghaidh lena n-aicmiú. Chomh maith leis sin, níor tharla lánchaiteachas taighde a bhí beartaithe don bhliain 2020 mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.

**A10 An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine**

*Soláthar meastacháin €2.276 milliún; toradh €2.438 milliún*

Baineann an barrachas caiteachais €162,000 le breis ceanglas maidir le hoiliúint dlí, iniúchtaí ceadúnaí agus feachtais meán cumarsáide. Bhain an oiliúint dlí le tuarascálacha cigireachta deiridh a bhreithniú agus maidir leis an bpróiseas éisteachta ó bhéal. Tugadh faoi iniúchtaí breise ceadúnaí chun comhlíonadh agus caighdeáin san earnáil a fheabhsú agus chun a chinntiú go mbeadh cosaint ag tomhaltóirí agus go mbainfeadh na feachtais feasachta meán cumarsáide leis na tairbhí a bhainfeadh an pobal as úsáid a bhaint as gníomhaire ceadúnaithe.

**A11 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €7.51 milliún; toradh €6.73 milliún*

Baineann an choigilt €780,000 le párolla agus tháinig sí chun cinn go príomha de bharr na moille a bhí ann ar fholúntais a líonadh. Bhí tionchar ag paindéim Covid-19 air sin chomh maith.

**A12 An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha**

*Soláthar meastacháin €251,000; toradh €nialas*

Ó tharla nach bhfuil an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha bunaithe fós a tháinig an choigilt chun cinn. Cheadaigh an Rialtas Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha a dhréachtú i mí na Nollag 2020, rud lena bhforálfar foráil don Choimisiún a bhunú.

**A13 An Chomhairle Bhreithiúnach**

*Soláthar meastacháin €1.251 milliún; toradh €365,000*

Is mar thoradh ar na moilleanna a bhí ann ar fhoireann a earcú agus moill iarmhartach ar thacaí lóistíochtúla eile a chur i bhfeidhm le linn na bliana 2020 a tháinig an choigilt €886,000 chun cinn. Ba í sin an chéad bhliain iomlán ina raibh an Chomhairle i mbun oibre. Bunaíodh an Chomhairle, atá neamhspleách ar an Roinn, i mí na Nollag 2019.

**A14 An tÚdarás Rialála Cearrbhachais**

*Soláthar meastacháin €100,000; toradh €nialas*

Ní raibh aon chaiteachas i gceist sa bhliain 2020. Cé gur tosaíodh clár foirmiúil chun Údarás Rialála Cearrbhachais a bhunú go luath i mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí roinnt moill i gceist de bharr Covid-19. Tá sé anois ina thús agus tá dréacht den reachtaíocht ann faoi láthair agus níor tabhaíodh aon chostais ina leith. Meastar go dtabhófar caiteachas sa bhliain 2021 le ceapadh Príomhfheidhmeannaigh ainmnithe faoi dheireadh na bliana.

## Clár B Éire atá slán agus sábháilte (colún an cheartais choiriúil)

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | 11,817 | 13,803 | 9,505 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 7,765 | 7,715 | 7,819 |
| B.3 | An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 9,090 | 10,401 | 9,860 |
| B.4 | An tSeirbhís Phromhaidh – tuarastail, pá agus liúntais | 22,234 | 21,949 | 21,042 |
| B.5 | An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin | 4,125 | 4,002 | 4,120 |
| B.6 | An tSeirbhís Phromhaidh – seirbhísí do chiontóirí | 17,532 | 16,866 | 16,629 |
| B.7 | An Scéim Orduithe Seirbhíse Pobail | 3,045 | 1,984 | 2,220 |
| B.8 | Idirghabhálacha um Cheartas i leith an Aosa Óig | 14,014 | 13,919 | 12,941 |
| B.9 | Seirbhísí d'íospartaigh na coireachta a mhaoiniú | 1,892 | 2,001 | 1,720 |
| B.10 | An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | 288 | 302 | 375 |
| B.11 | Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil | 8,016 | 6,815 | 3,260 |
| B.12 | Cúnamh dlí (coiriúil) | 65,302 | 62,224 | 65,092 |
| B.13 | Cúnamh dlí – saincheisteanna caomhnóireachta | 3,000 | 4,257 | 3,201 |
| B.14 | An Bord Parúil | 157 | 133 | 361 |
| B.15 | Bearta coiscthe coireachta | 1,197 | 489 | 411 |
| B.16 | An tÚdarás Slándála Príobháidí | 3,799 | 3,285 | 3,328 |
| B.17 | Maoiniú d'fhonn foréigean baile, foréigean gnéis agus foréigean ar bhonn inscne a chosc | 2,069 | 2,464 | 2,409 |
| B.18 | Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | 56,991 | 33,779 | 14,925 |
| B.19 | Paiteolaíocht Stáit | 983 | 1,088 | 1,230 |
| | | **233,316** | **207,476** | **180,448** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €25.84 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtús báire. Áirítear air sin róchaiteachas €1.936 milliún i dtaca le caiteachas riaracháin. Rinneadh é sin a fhritháireamh trí choigiltí faoi fho-mhírchinn chláir agus is mar gheall ar na nithe seo go príomha a bhí an difríocht i gcaiteachas.

**B.3 An Biúró um Shócmhainní Coiriúla**

*Soláthar meastacháin €9.09 milliún; toradh €10.401 milliún*

Is le pá a bhaineann an barrachas €1.311 milliún (€1.211m) mar gheall ar an ngá a bhí ann le foireann shealadach a thabhairt ar iasacht ón nGarda Síochána chun cuidiú le gníomhaíochtaí oibriúcháin. Is ar an taobh neamhphá atá iarmhéid an bharrachais (€100,000) agus baineann sé go príomha le costais chúirte nach rabhthas ag súil leo.

**B.7 An Scéim Orduithe Seirbhíse Pobail**

*Soláthar meastacháin €3.045 milliún; toradh €1.984 milliún*

Baineann an choigilt €1.061 milliún go príomha le párolla ó tharla nach ndearnadh an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis chun Maoirseoirí Seirbhíse Pobail breise a earcú de bharr éileamh níos lú a bheith ann ar sheirbhísí, lena n-áirítear teorainneacha ar an Scéim Seirbhíse Pobail a leathnú mar gheall ar phaindéim Covid-19.

**B.9 Seirbhísí d'íospartaigh na coireachta a mhaoiniú**

*Soláthar meastacháin €1.892 milliún; toradh €2.001 milliún*

Is mar thoradh ar an éileamh breise a bhí ann ar sheirbhísí eintiteas maoinithe áirithe le linn phaindéim Covid-19 a tháinig an barrachas €109,000 chun cinn.

**B11 Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil**

*Soláthar meastacháin €8.016 milliún; toradh €6.815 milliún*

Is mar thoradh ar na moilleanna a bhí i gceist le hiarratasóirí a bheith ag glacadh le dámhachtainí a rinne an Binse roimh dheireadh na bliana a tháinig an choigilt €1.201 milliún chun cinn. Bheadh an buiséad iomlán caite dá mba rud é gur glacadh leis na dámhachtainí sin.

**B13 Cúnamh dlí – saincheisteanna caomhnóireachta**

*Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €4.257 milliún*

Is mar thoradh ar líon níos mó éileamh a bheith á gcur isteach i gcomhair íocaíochta i rith na bliana 2020 i gcomparáid le blianta roimhe seo a tháinig an barrachas €1.257 milliún chun cinn. Bhain roinnt de na héilimh le blianta roimhe sin. Is scéim éileamhbhunaithe í seo agus íoctar na táillí agus na speansais atá dlite do na cleachtóirí dlí faoi réir théarmaí agus choinníollacha na scéime.

**B15 Bearta coiscthe coireachta**

*Soláthar meastacháin €1.197 milliún; toradh €489,000*

Mar nár leanadh de roinnt tionscnamh coiscthe coireachta mar a bhíothas ag súil leis le linn na bliana 2020, de bharr thionchar phaindéim Covid-19 i bpáirt, a tháinig an choigilt €708,000 chun cinn.

**B16 An tÚdarás Slándála Príobháidí**

*Soláthar meastacháin €3.799 milliún; toradh €3.285 milliún*

Bhain an choigilt €514,000 go príomha le costais neamhphárolla agus is mar thoradh ar an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar oibríochtaí a sholáthar agus tionscadail sceidealaithe a chur i bhfeidhm a tháinig an choigilt sin chun cinn. Tá moill ann ar go leor tionscadal, amhail ceadúnú fostaithe sa réimse slándála imeachtaí, mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19 ar thionscal na slándála. Cuireadh srian le gníomhaíocht comhlíonta freisin de bharr na srianta agus bhí sí sin teoranta d'fhaireachas agus obair deisce.

**B17 Maoiniú d'fhonn foréigean baile, foréigean gnéis agus foréigean ar bhonn inscne a chosc**

*Soláthar meastacháin €2.069 milliún; toradh €2.464 milliún*

Is mar thoradh ar éilimh bhreise ar sholáthraithe seirbhíse sa réimse seo le linn phaindéim Covid-19 agus chun a chinntiú go bhfanfadh

na heintitis mhaoinithe i mbun oibríochta le linn na tréimhse sin a tháinig an choigilt €395,000 chun cinn.

**B18 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann**

*Soláthar meastacháin €56.991 milliún; toradh €33.779 milliún*

Is mar thoradh ar ghannchaitheamh sa bhliain 2020 maidir le saotharlann nua Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann a thógáil i mBacastún, Co. Chill Dara, a bhí an choigilt €23.212 milliún. B'ionann an leithdháileadh caipitil ar an tionscadal sin sa bhliain 2020 agus €39.551 milliún. Cheadaigh an Rialtas an cás gnó deiridh don tsaotharlann nua go luath i mí an Mhárta 2020. Síníodh an conradh an 19 Márta 2020 ach cuireadh stop leis an obair thógála ar feadh tréimhse 7 seachtaine de bharr shrianta Covid-19. Tá ceadú tugtha caipiteal €3.9 milliún nár caitheadh sa bhliain 2020 a thabhairt ar aghaidh go 2021 i leith an tionscadail sin.

**B19 Paiteolaíocht Stáit**

*Soláthar meastacháin €983,000; toradh €1.088 milliún*

Is mar thoradh ar an ngá a bhí ann le paiteolaithe ionaid breise a fhostú chun tacú le seirbhís an Phaiteolaí Stáit le linn na bliana 2020 go príomha a tháinig an barrachas €105,000 chun cinn.

## Clár C Rochtain ar cheartas do chách (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais agus colún an cheartais choiriúil)

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán - pá | 391 | 471 | 230 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 303 | 281 | 190 |
| C.3 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 6,316 | 6,406 | 5,937 |
| C.4 | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 42,207 | 42,207 | 40,796 |
| C.5 | Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce | 98 | 98 | 98 |
| C.6 | An tSeirbhís Chróinéara | 2,834 | 4,500 | 3,814 |
| | *Ciste Magdalene* | — | — | *4,912* |
| | | **52,149** | **53,963** | **55,977** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €1.814 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh i dtús báire, lena n-áirítear róchaiteachas €58,000 maidir le caiteachas riaracháin. Go príomha, is mar gheall ar na nithe seo a bhí an chuid eile den difríocht i gcaiteachas.

**C.6 An tSeirbhís Chróinéara**

*Soláthar meastacháin €2.834 milliún; toradh €4.5 milliún*

Baineann an barrachas caiteachais €1.666 milliún le costais ullmhúcháin agus costais eile amhail cóiríocht maidir leis an bhFiosrúchán ar Dhóiteán Stardust agus na costais bhreise a bhí ar Mharbhlann Ceantair Bhaile Átha Cliath, costais a bhain go díreach le paindéim Covid-19.

## Clár D Sochaí atá cothrom agus uilechuimsitheach (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais)

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán - pá | 22 | 76 | 734 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 15 | 29 | 603 |
| D.3 | Bearta míbhuntáiste shóisialta (arna maoiniú ó chuntais dhíomhaoine) | 7,726 | 6,739 | 5,111 |
| | *An tÚdarás Náisiúnta Míchumais* | — | — | *4,270* |
| | *An Oifig um Lánpháirtiú Imirceach a Chur Chun Cinn* | — | — | *2,488* |
| | *Deontais chuig eagraíochtaí náisiúnta ban.* | — | — | *525* |
| | *Tionscnaimh an Lucht Siúil agus na Romach* | — | — | *3,069* |
| | *Gníomh Dearfach i dtreo Comhionannas Inscne a Bhaint Amach* | — | — | *4,861* |
| | *Tionscnaimh Chomhionannais agus LADTI* | — | — | *148* |
| | *Seirbhís tacaíochta cinntí* | — | — | *2,700* |
| | | **7,763** | **6,844** | **24,509** |

**Difríochtaí Suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €919,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Áirítear air sin róchaiteachas €68,000 maidir le caiteachas riaracháin atá fritháirithe ag coigilt €987,00 faoin bhfo-mhírcheann cláir de bharr na nithe seo a leanas.

**D.3 Bearta míbhuntáiste shóisialta (arna maoiniú ó chuntais dhíomhaoine)**

*Soláthar meastacháin €7.726 milliún; toradh €6.739 milliún*

Tá an choigilt €987,000 inchurtha i leith maoiniú áirithe do thionscadail sa réimse ceartais i leith an aosa óig nár tarraingíodh anuas go hiomlán sa bhliain 2020, rud a bhain go príomha le moilleanna a bhí i gceist le tionscadail nua a bhunú mar gheall ar thionchar Covid-19 agus ar feitheamh an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig a thabhairt chun críche.

## Clár E Córas tearmainn, inimirce agus saoránachta atá éifeachtúil, sofhreagrach agus cóir (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais)

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastach áin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán - pá | 45,594 | 46,842 | 9,979 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | 17,377 | 28,272 | 8,209 |
| E.3 | Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta | 8,896 | 7,678 | 72,601 |
| | *An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht* | — | — | *2,232* |
| | *Cóiríocht d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta* | — | — | *129,599* |
| | | **71,867** | **82,792** | **222,620** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €10.925 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh, a bhaineann go príomha le róchaiteachas €12.143 milliún maidir le caiteachas riaracháin a bhfuil míniú tugtha ina leith cheana. Rinneadh é sin a fhritháireamh trí choigilt €1.218 milliún faoin bhfo-mhírcheann cláir de bharr na nithe seo a leanas.

**E.3 Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €8.896 milliún; toradh €7.678 milliún*

Tháinig coigilt €1.218 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin €8.896 milliún. Is mar thoradh ar na srianta a tugadh isteach de bharr Covid-19 a bhí costais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis do chomhaltaí painéil san Oifig um Chosaint idirnáisiúnta agus sa Bhinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta mar gurbh éigean éisteachtaí agus agallaimh a chur siar agus a athsceidealú, ar aon dul le treoirlínte ón Rialtas. Baineadh coigiltí amach freisin ó tharla go raibh líon níos lú aisdúichithe agus díbeartha ná mar a bhíothas ag súil leis i gceist mar gheall ar shrianta taistil agus mar gheall ar chúinsí eile.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí i ndáil le cinsireacht scannán | 1,503 | 810 | 1,202 |
| 2 | Táillí i ndáil le Cosaint Sonraí | — | — | — |
| 3 | Fáltais AE | 10,000 | 9,691 | 17,843 |
| 4 | Fáltais ilghnéitheacha | 573 | 2,229 | 1,325 |
| 5 | Táillí i ndáil le clárú inimirce | 26,800 | 31,445 | 39,423 |
| 6 | Táillí i ndáil le víosaí | 3,200 | 3,082 | 9,847 |
| 7 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | 7,726 | 6,598 | 4,873 |
| 8 | Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí | 2,564 | 2,643 | 3,444 |
| 9 | Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta | 8,500 | 8,852 | 5,368 |
| 10 | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí – tobhach ar chomhlachtaí gairmiúla | 1 | — | — |
| 11 | Táillí i ndáil leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine | 2,300 | 2,210 | 2,250 |
| 12 | Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 680 | 767 | 1,083 |
| 13 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 3,214 | 3,865 | 4,447 |
| | **Iomlán** | **67,061** | **72,192** | **91,105** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí leithreasaí-i-gcabhair €5.131 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh (i dtús báire) agus is mar gheall ar ghlanéifeacht na ndifríochtaí a leanas go príomha atá barrachas ann i bhfáltais.

**1 Táillí i ndáil le cinsireacht scannán**

*Measta €1.503 milliún; réadaithe €810,000*

Go príomha, is mar gheall ar laghdú i líon na scannán a bhí á gcur ar aghaidh lena n-aicmiú a bhain go díreach le tionchar phaindéim Covid-19 a bhí easnamh €693,000 ann i bhfáltais.

**4 Fáltais ilghnéitheacha**

*Measta €573,000; réadaithe €2.229 milliún*

Go príomha, is mar gheall gur ghlac líon níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis le víosa faoi Scéim na nOibrithe Neamhthipiciúla (SONT) a bhí an barrachas €1.656 milliún i bhfáltais.

**5 Táillí i ndáil le clárú inimirce**

*Measta €26.8 milliún; réadaithe €31.445 milliún*

Tháinig barrachas €4.645 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin €26.8 milliún. Bíonn fáltais faoin gcatagóir seo dothuartha, in ainneoin thionchar Covid-19, mar go mbíonn siad ag brath ar roinnt athróg, lena n-áirítear an timpeallacht eacnamaíoch. Rinneadh an tionchar a bhain le hOifigí Clárúcháin a dhúnadh ar fud na tíre chomh maith leis an tionchar a bhain le srianta taistil a fhritháireamh i bpáirt le seoladh an Chórais Athnuachana Clárúcháin Ar Líne i mí Iúil d'iarratasóirí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus le tús arís a chur le hiarratais chéaduaire a phróiseáil, bíodh is gur ag ráta níos lú a bhí sé. Ba é an tionchar a bhí aige sin ná gur coinníodh leibhéil na bhfáltas ag ráta réasúnta ard le linn na bliana 2020.

**7 Fáltais ó chuntais dhíomhaoine**

*Measta €7.726 milliún; réadaithe €6.598 milliún*

Tá an t-easnamh €1.128 milliún inchurtha i leith maoiniú do thionscadail sa réimse ceartais i leith an aosa óig nár tarraingíodh anuas go hiomlán sa bhliain 2020, rud a bhain go príomha le moilleanna a bhí i gceist le tionscadail nua a bhunú mar gheall ar thionchar Covid-19 agus ar feitheamh an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig a thabhairt chun críche.

**13 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Measta €3.214 milliún; réadaithe €3.865 milliún*

Baineann an barrachas €651,000 i bhfáltais go díreach le costais phárolla agus bhí siad níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 25 | 18 |
| Suim a bailíodh | 26 | 25 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (25) | (18) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **26** | **25** |

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 An líon fostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Roinn | 1,386 | 1,474 |
| Gníomhaireachtaí | 1,406 | 1,531 |
| Iomlán | **2,792** | **3,005** |

## 5.2 Pá

**Luach Saothair fhoireann na Roinne**

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 66,404 | 65,504 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 202 | 109 |
| Liúntais eile | 2,099 | 1,641 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 773 | 1,634 |
| ÁSPC an fhostóra | 5,573 | 5,293 |
| **Pá iomlán [a]** | **75,051** | **74,181** |

Nóta [a] Déantar an figiúr pá iomlán a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.1, B.1, C.1, C.3, D.1 agus E.1.

**Luach Saothair fhoireann Ghníomhaireachta**

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 76,275 | 81,032 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 104 | 116 |
| Liúntais eile | 3,027 | 2,356 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,563 | 1,674 |
| ÁSPC an fhostóra | 5,188 | 5,391 |
| **Pá iomlán [a]** | **86,157** | **90,569** |

Nóta a Déantar an figiúr pá iomlán a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.3, A.4, A.5, A.7, A.10, A.11, A.13, B.3, B.4, B.7, B.16, B.18, B.19, C.4, C.6, agus E.3.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 31 | 11 | 28,528 | 12,565 |
| Ragobair nó tinreamh breise | 337 | 17 | 40,990 | 33,446 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 169 | 8 | 13,011 | 12,623 |
| Ilghnéitheach | 195 | 4 | 20,614 | 20,614 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 192 | 110 | 27,514 | 41,145 |
| **Foireann Ghníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 16 | 4 | 23,239 | 23,982 |
| Ragobair nó tinreamh breise | 62 | 4 | 19,384 | 24,126 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | — | — | — | 51 |
| Ilghnéitheach | 238 | 42 | 18,846 | 18,519 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 23 | 8 | 35,201 | 30,089 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €140,885 san iomlán le 19 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse sa bhliain 2020. Chomh maith leis sin, íocadh €101,934 le deichniúr iarsheirbhíseach poiblí a bhí fostaithe i róil éagsúla sa bhliain 2020. Cuireadh an riail um laghdú pinsin i bhfeidhm i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile), 2012.

Íocadh €2,377,562 san iomlán trí phárolla le 183 dhuine aonair i ndáil le dualgais a comhlíonadh ar bhoird, coistí agus coimisiúin éagsúla, etc.

Áirítear sa chuntas caiteachas arbh fhiú tuairim is €518,000 é i ndáil le hochtar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2020 ar fad nó cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a gcuid tuarastal leo.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le 22 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2020 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí [a] | 150 | 677,900 | 713,955 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 87 | 331,812 | 376,422 |

Rinneadh 24 phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i ndáil le 23 dhuine aonair, arbh ionann a luach agus €21,112, a aistriú chuig sé roinn/oifig rialtais sa bhliain 2020.

Nóta [a] Ní áirítear suimeanna ró-íocaíochta san fhigiúr seo do 19 bhfostaí (2019: 32 fhostaí) ar ina leith atá an tsuim atá dlite fós le ríomh.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta a raibh luach €54,099 orthu agus scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €113,036 iad le linn na bliana 2020 le ceathrar ball foirne ar cuireadh deireadh lena gcuid fostaíochta.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2020 | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Coimisiúin bhuana** | | | | |
| An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla [a] | 1974 | | 154 | 113 |
| **Coimisiúin chuspóra shocraithe** | | | | |
| Binse Morris [b] | 2002 | 68,780 | 5 | 2 |
| Binse Smithwick [c] | 2005 | 19,889 | — | — |
| Suíomh Taisí Íospartach [d] | 2007 | 8,070 | 218 | 467 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin Rónáin Mhíc Lochlainn [e] | 2014 | 1,192 | — | 17 |
| An Sásra Athbhreithnithe Neamhspleách agus cúig fhiosrúchán a bunaíodh sa bhliain 2017 faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 [f] | 2014 | 1,720 | 335 | 322 |
| An Binse um Nochtaí Cosanta [g] | 2017 | 9,626 | 4,331 | 2,329 |
| An Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta [h] | 2017 | 1,823 | — | 2 |
| An Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú [i] | 2017 | 107 | 27 | 28 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson [j] | 2018 | 1,082 | 908 | 170 |
| Coimisiúin Reifrinn [k] | 2019 | 2,336 | — | 2,336 |
| Staidéar ar Athbhreithnithe maidir le Finemharú agus Dúnbhású Baile [l] | 2019 | 310 | 159 | 151 |
| Shane O'Farrell – athbhreithniú scópála ar chúinsí a bhain lena bhás [m] | 2019 | 269 | 269 | — |
| | | **115,204** | **6,406** | **5,937** |

Nóta [a] Beidh na costais a bhaineann leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla fós i gceist mar go bhfuil obair an Bhinse fós ar siúl, agus tá líon suntasach iarratas faoin scéim le breithniú.

[b] Bunaíodh Binse Morris sa bhliain 2002 agus foilsíodh tuarascáil deiridh an Bhinse sa bhliain 2008. Is ionann costas an Bhinse go dtí seo agus €68.8 milliún, agus bhí luach €4,813 ar chaiteachas na bliana 2020 ina leith, a bhain le mionchostais riaracháin. D'fhéadfadh go mbeadh costais eile le híoc maidir le tríú páirtí amháin, ar costais iad nár socraíodh go fóill. Meastar go n-íocfar costais ar bith den chineál sin roimh dheireadh na bliana 2021.

[c] Tháinig Binse Smithwick chun críche ag deireadh na bliana 2013. Tá costais eile ann atá le híoc maidir le tríú páirtí amháin agus nár socraíodh go fóill iad.

d) Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Shuíomh Taisí Íospartach fós ar siúl, agus tá taisí triúr íospartach fós le haimsiú. Baineann formhór na gcostas le tochailt chun teacht ar thaisí sa chás gur féidir láithreáin a shainaithint. Tá gníomhaíocht agus costais ghaolmhara an Choimisiúin ag brath go mór ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil dó i leith an íospartaigh ar leis na taisí atá á lorg aige. Tabhaíodh caiteachas €217,996 sa bhliain 2020. Íocadh níos mó ná leath na suime sin i leith costais leanúnacha riaracháin (lena n-áirítear íocaíochtaí leis na himscrúdaitheoirí), agus bhain an chuid eile le cuardaigh agus le hobair athshlánaithe. Ciallaíonn sé sin gur caitheadh beagán os cionn €8 milliún san iomlán go dtí seo agus meastar go mbeidh íocaíochtaí breise i gceist.

e Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin Mhic Lochlainn i mí Lúnasa 2014. Téarmaí tagartha an Choimisiúin ná fiosrú a dhéanamh ar na himthosca a bhain le lámhach marfach Rónáin Mhic Lochlainn an 1 Bealtaine 1998 ag comhaltaí den Gharda Síochána. Foilsíodh tuarascáil deiridh an Choimisiúin i mí na Nollag 2018. Ní mheastar go mbeidh costais eile i gceist.

f I ndiaidh obair an tSásra Athbhreithnithe Neamhspleách, bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt cúig fhiosrúchán sa bhliain 2017 faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 chun cúig imscrúdú Garda ar leith a fhiosrú. Tá cóiríocht agus tacaíocht riaracháin á roinnt idir na cúig fhiosrúchán ó bunaíodh iad. Tháinig deireadh le dhá cheann de na fiosrúcháin seo i mí Aibreáin 2018, tháinig ceann eile chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus tá an dá cheann eile fós ar siúl. Tabhaíodh caiteachas €334,831 sa bhliain 2020.

g Bunaíodh an Binse um Nochtaí Cosanta i mí Feabhra 2017 agus bhí an Breitheamh Onórach Peter Charleton, Breitheamh den Chúirt Uachtarach, ina chomhalta aonair de. Bunaíodh an Binse i ndiaidh don Bhreitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill athbhreithniú a dhéanamh ar dhá nochtadh chosanta a rinneadh leis an Tánaiste an tráth sin inar líomhnaíodh go raibh feachtas ar bun ag an leibhéal is airde sa Gharda Síochána chun míchlú a tharraingt ar an Sáirsint Maurice McCabe, an sceithire a líomhain go raibh drochiompar ar siúl i measc an Gharda Síochána. Chuir an Breitheamh Charleton an tríú tuarascáil eatramhach uaidh faoi bhráid na Dála i mí Dheireadh Fómhair 2018. Tabhaíodh caiteachas €1,869,955 maidir leis an modúl sin sa bhliain 2020. Ní féidir meastachán cruinn a thabhairt ar chostas iomlán chéad mhodúl an Bhinse mar go mbeidh sé ag brath ar roinnt tosca, lena n-áirítear candam na gcostas dlí tríú páirtí atá fágtha, a meastar go n-íocfar iad sa bhliain 2021.

Ghlac an Breitheamh Onórach Seán Ryan lena cheapachán i mí na Nollag 2018 chun tabhairt faoin bhfiosrúchán ar na téarmaí tagartha mar a fhoráiltear leis an ionstraim lenar bunaíodh an Binse. Tá an Breitheamh Onórach Ryan ag tabhairt a thuarascála (an 4ú tuarascáil eatramhach) chun críche faoi láthair. Is dócha go gcuirfear an tuarascáil sin faoi bhráid Thithe an Oireachtais ag deireadh na chéad ráithe/ag tús an dara ráithe den bhliain 2021. Chomh maith leis sin, tá imscrúdaitheoirí agus abhcóidí doiciméadacha an Bhinse ag tabhairt faoi réamhobair faoi láthair ar na chéad chásanna eile a bheidh le breithniú faoi na téarmaí tagartha, agus is dócha go mbeidh aon éisteachtaí maidir leis na cásanna sin ar siúl ón dara ráithe den bhliain 2021 ar aghaidh.

Níl aon orduithe ar chostais déanta ag an mBreitheamh Onórach Ryan go fóill maidir le Modúl 2 agus, mar sin, ní féidir leibhéil na gcostas tríú páirtí a thiocfaidh chun cinn ón Modúl seo a shocrú. Tabhaíodh caiteachas €2,460,930 maidir leis an modúl sin sa bhliain 2020.

[h] Bhunaigh an Rialtas an Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn i mí na Bealtaine 2017, faoi Chathaoirleacht Kathleen O'Toole Uasal, chun scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar phóilíneacht agus chun treoirphlean a fhorbairt le haghaidh thodhchaí na póilíneachta in Éirinn. Chuir an Coimisiún a thuarascáil faoi bhráid an Rialtais i mí Mheán Fómhair 2018 agus níltear ag súil le haon chaiteachas breise.

[i] Bunaíodh an Coimisiún um Thuairisciú Neamhspleách (CTN) sa bhliain 2017 agus rún ann é a reáchtáil ar feadh tréimhse cúig bliana go 2021. Is comhlacht trasteorann é a bhfuil ceathrar comhaltaí air agus a bunaíodh faoi Chomhaontú Tús Nua na bliana 2015 a bhíonn i mbun comhairliúcháin leathana chun tuairisciú ar bhonn bliantúil ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh i dTuaisceart Éireann maidir leis na tionscnaimh chomhaontaithe i gcoinne gach cineáil pharaimíleatachais a chur chun feidhme. Cuireadh an tríú tuarascáil ón gCoimisiún um Thuairisciú Neamhspleách faoi bhráid Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí na Samhna 2020 agus táthar ag súil leis an gceathrú tuarascáil níos déanaí i mbliana. Tá breithniú ar bun ar thodhchaí an Choimisiúin i ndiaidh na bliana 2021. Meastar go bhfanfaidh an costas bliantúil, tuairim is €30,000, cobhsaí, a bheag nó a mhór.

[j] Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson i mí na Samhna 2018 mar fhreagairt do ghearáin nó líomhaintí a rinneadh i gcoinne Bill Kenneally maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí, agus nithe gaolmhara. Bunaíodh an Coimisiún chun a shuí cá mhéad eolais, más ann, a bhí ag roinnt eagraíochtaí ar na cionta a rinne Bill Kenneally, lena n-áirítear an Garda Síochána, Deoise Chaitliceach Rómhánach Phort Láirge, Bord Sláinte an Oirdheiscirt, Cumann Cispheile na hÉireann agus pearsana áirithe sa pholaitíocht sa tréimhse ama lena mbaineann. Cé go rabhthas ag súil ar dtús go mbeadh an Coimisiún ar siúl ar feadh bliana ar chostas tuairim is €1.3 milliún, bhí an chéad obair ullmhúcháin níos suntasaí ná mar a bhíothas ag súil leis. Cuireadh tús le héisteachtaí sa bhliain 2019 ach cuireadh ar fionraí iad go dtí go rachfaí i gcomhairle le páirtithe. Tá €1.082 milliún caite go dtí seo. Beidh sonraí maidir le hobair an Choimisiúin amach anseo níos soiléire nuair a thabharfar imeachtaí dlí le déanaí chun críche.

[k] Thabhaigh an Coimisiún Reifrinn costais €2,336,631 sa bhliain 2019 i ndáil leis an Reifreann ar an gColscaradh. Níltear ag súil go dtabhófar aon chaiteachas breise maidir leis an reifreann sin.

[l] Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt ag an am grúpa chun tabhairt faoi Staidéar ar Athbhreithnithe maidir le Finemharú agus Dúnbhású Baile i mí na Bealtaine 2019. Thug an grúpa faoi thaighde agus chuaigh sé i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gníomhaireachtaí Stáit, baill teaghlaigh íospartach agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna). Táthar ag súil le tuarascáil an ghrúpa a fháil gan mhoill agus tá €310,000 i gcaiteachas tabhaithe go dtí seo.

[m] I mí Eanáir 2019, cheap an tAire Dlí agus Cirt ag an am Gerard Haughton, Breitheamh ar scor den Chúirt Dúiche, chun tabhairt faoi chleachtadh scópála ar roinnt gnéithe a bhí i gceist le cúinsí a bhain le bás Shane O'Farrell. Tá an cleachtadh scópála le tabhairt chun críche sa bhliain 2021. Tabhaíodh €269,266 i gcaiteachas sa bhliain 2020, lena n-áirítear costais pá agus riaracháin.

## 6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €69,372 (2019: €42,498) iad maidir leis an Scéim neamhreachtúil um Chúnamh Dlí do bhearta de chineál an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Tá feidhm ag an scéim seo maidir le daoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a thabharfaidh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, nó a thabharfar thar ceann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, lena n-áirítear imeachtaí faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, na *Revenue Acts* agus na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus iarratais a dhéanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €1,980,621 (2019: €1,714,245) iad maidir leis an Scéim neamhreachtúil um Chomhairle Cúnamh Dlí i Stáisiún na nGardaí. Déantar foráil faoin scéim seo go n-íocfaidh an Stát as comhairliúcháin le haturnaetha sa chás go gcoimeádfar duine i stáisiún na nGardaí chun imscrúdú a dhéanamh ar choir agus go mbeidh teidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le haturnae ach nach mbeadh an duine sin in acmhainn íoc as a leithéid de chomhairliúchán.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €402,850 iad maidir le dhá chás le héifeacht a thabhairt do mholadh ón Ard-Chúirt faoin Scéim um Chúnamh Dlí - Saincheisteanna Caomhnóireachta.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €158,560 (2019: €94,256) iad maidir le 25 chás eile a bhain le himeachtaí dlí eile.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €20,308 (2019: €27,182) iad maidir le roinnt cásanna a bhain leis an tSeirbhís Chróinéara. Baineann na híocaíochtaí atá i gceist leis an gcostas a bhain le hionadaíocht dlí ag fiosrúcháin ar bhás daoine faoi choimeád an Stáit.

## 6.3 Ciste na dTionscnamh Frithdhrugaí

Fuarthas €365,425 (2019: €350,183) ó Chiste na dTionscnamh Frithdhrugaí agus tugtar cuntas ar an tsuim sin trí chuntas fionraí. Cuirtear an maoiniú ar fáil faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009 – 2016 agus baineann sé le roinnt tionscadal atá faoi úinéireacht Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí, ar tionscnaimh iad a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbhís Phromhaidh.

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Costais dlí a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | 2020 Iomlán | 2019 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh a rinne daoine den phobal** | 393 | 285 | 10,363 | 1,260 | 11,908 | 7,568 |
| **Éilimh a rinne fostaithe** | 2 | 22 | 0 | 51 | 73 | 3 |
| | **395** | **307** | **10,363** | **1,311** | **11,981** [a] | **7,571** |

Nóta [a] Baineann (78%) den €11.981 milliún le réimsí inimirce na Roinne. Tabhaíodh na costais dlí eile ar fud roinnt réimsí den Roinn, lena n-áirítear Rannán Beartais Choiriúil na Roinne, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine agus an tÚdarás Slándála Príobháidí.

## 6.5 Ús i ndáil le híocaíocht phras cuntas

B'ionann an t-ús a thabhaigh an Roinn sa bhliain 2020 i ndáil le híocaíocht phras cuntas agus €9,446 (2019: €5,896).

## 6.6 Maoiniú AE [a]

Áirítear sa toradh a thaispeántar i bhFo-mhírchinn B.3, B.6, B.8, agus E.3 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag AE. Ba mar seo a leanas a bhí meastacháin i ndáil le fáltais agus na torthaí iarbhír (a taifeadadh i nóta 4.1, fo-mhírcheann 3).

| Cur síos ar an bhfo-mhírcheann: | Meastachán €000 | 2020 Toradh €000 | 2019 Toradh €000 |
|---|---|---|---|
| CSE - An Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (CICF) 2014 – 2020 (CSE) | 9,000 | 8,022 | 12,730 |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014 – 2020 (CTIL) [b] | 1,000 | 1,577 | 5,000 |
| Fáltais eile AE | — | 92 | 113 |
| | **10,000** | **9,691** | **17,843** |

Nóta [a] Fuair an Roinn réamh-mhaoiniú freisin ó AE sa bhliain 2020. Déantar an maoiniú sin a riar trí chuntais fionraí.

[b] Aistríodh freagracht as an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL) chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le linn na bliana 2020.

## 6.7 Eile

Íocadh fíneáil €2 mhilliún leis an gCoimisiún Eorpach sa bhliain 2020 mar gheall ar an moill a bhí i gceist le Treoir (AE) 2015/849 a thrasuí maidir le cosc a chur ar úsáid a bhaint as an gcóras airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta (4AMLD).

Ba é an 26 Meitheamh 2017 an dáta trasuímh maidir leis an treoir. Ba le tréimhse idir mí Iúil 2017 agus mí na Nollag 2019 a bhaineann an mhoill maidir le reachtaíocht phríomha agus thánaisteach a achtú, lena n-áirítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2018, agus rialacháin i ndáil le húinéireacht thairbhiúil a rinneadh faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972.

Is mar thoradh ar an gcastacht a bhain leis na hathruithe a bhí de dhíth faoin Treoir a tháinig an mhoill chun cinn. Éilítear reachtaíocht phríomha in Éirinn, rud nach n-éilítear i go leor ballstát eile san Aontas, chun treoracha AE ina bhfuil cionta coiriúla lena ngabhann pionóis phríosúnachta ar mó iad ná trí bliana a thrasuí. Gabhann pionóis de suas le 14 bliana leis an Treoir ar leith seo. Bhí gá ann le mionleasú a dhéanamh ar an Acht um Sciúradh Airgid, 2010, ina leith. Thóg sé go leor ama agus obair mhór thar ceann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, Oifig an Ard-Aighne agus na Ranna a bhí rannpháirteach chun anailís a dhéanamh ar na leasuithe sin agus iad a shocrú .

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste Roinne | Tréimhse Chuntasaíochta Dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta a fuair an tAire/ Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 2019 | 15 Nollaig 2020 | 5 Eanáir 2021 | 8 Eanáir 2021 |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 2019 | 14 Nollaig 2020 | 17 Nollaig 2020 | 8 Eanáir 2021 |
| Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 2019 | 21 Nollaig 2020 | 19 Eanáir 2021 | 11 Márta 2020 |
| An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 2019 | 21 Nollaig 2020 | 22 Eanáir 2021 | Ar Feitheamh |
| Oifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí | 2019 | 30 Meitheamh 2020 | 21 Iúil 2020 | 21 Iúil 2020 |
| An tÚdarás Slándála Príobháidí | 2019 | 5 Meitheamh 2020 | 1 Deireadh Fómhair 2020 | Ar Feitheamh |
| An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine | 2019 | 30 Samhain 2020 | 14 Nollaig 2020 | 2 Márta 2021 |
| An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí | 2019 | 29 Nollaig 2020 | 10 Feabhra 2021 | Ar Feitheamh |